# AR CHUALA TÚ?

## Coiste Sitúrtha Pleanála Teanga

Tá áthas orainn a chur in iúl go bhfuil méadú tagtha ar bhaill den Choiste Stiúrtha Pleanála Teanga. Tugann an choiste tacaíocht ollmhór d’fhoireann Pleanála Teanga Chonamara Láir agus ba mhaith linn fáilte a chur roimh na baill nua. Is iadsan:

- Fiona Ní Fhlaithearta (Láithreoir le TG4)- Ba mhaith le Fiona 'tacú le pobal Chonamara Láir an Ghaeilge a neartú agus a chaomhnú'.
- Fiona Bhreathnach (Múinteoir Oideachais Speisialta agus Tacaíochta Teanga): "Tá níos mó taobh thiar den Ghaeilge ná teanga. Is í ár n-oidhreacht is ár gcultúr í agus teanga bhinn ár sínsear. Má tá tada atá muide in ann a dhéanamh anois chun an chéad ghlúin eile a spreagadh chun í a chaoimhniú agus a choinnéal beo, nach mór is fiú é. Cuirfidh muid síolta an dóchais, ‘s beidh fréamh na Gaeilge ag fás léi, ‘s le cunamh Dé beidh an teanga Ghaeilge faoi shéala agus mairfidh sí choíchin".
- Norah Threasa Ní Allmhurain- I mo thuairim, tá ról lárnach againn uilig chun an Gaeilge a neartú agus í a chur chun cinn. Tosaíonn sé ar do dhoras féin agus do bhaile fhéin. ‘S í ár dteanga náisiúnta agus cultúir í agus tá sé de dhualgas orainn athbheochan a mhúscailt. Tá sé de chumas orainn uilig ár teanga dhualgais a chaomhnú agus a shealbhú. Tá súil agam é seo a bhaint amach le mo post san Údarás na Gaeltachta agus mar baill den Pleanáil Teanga'.
- Murella de Búrca- 'Nuair a d’fhreastal mé ar an gcoláiste, ba shin é an uair i ndáiríre a thit mé i ngrá leis an teanga. D’oscail sé a lán deiseanna domsa agus mothaím go bhfuil sé de dhualgas ormsa anois an seans céanna a thabhairt do mo mhac'.
- Máire Uí Chadháin-Is ball den Bhord an Údaráis í Mháire agus is duine gníomhach den phobail í atá ina chonaí i nGabhla.
- Vivienne Ní Niadh (Oifigeach Óige le Muintearas)- 'Tá suim an-mhór agam sa Ghaeilge agus ba mhaith liom cuidiú í a chur chun cinn ar aon bhealach is féidir liom le cúnamh ó na gairmithe agus muintir an pleanála teanga'

## *FOCAL BUÍOCHAIS AGUS CHUILE ÁDH ORT*

**Is cailliúint mhór do Limistéar Chonamara Láir tré chéile é an tUasal Seamás Ó Coincheannan, a bhí gníomhach sa phobal le os cionn scór bliain. Tá agus bhí croí Shéamas sáite go huile is go hiomlán sa teanga, sa chultúr, san oideachas agus an Pobal tré chéile. Tá muid thar a bheith buíoch den méid obair dheonach a chuir sé féin agus an Coiste Stiúrtha Pleanála Teanga isteach ag ullmhú an Phlean Teanga agus dhá chuir i bhfeidhm le roinnt blianta anuas. Airíonn muid uainn thú mar chara, mar dhuine díograiseach, dúthrachtach agus báúil do Chonamara Láir le gach aon rud a bhí ar siúl agat. Tá muid ag guí gach ádh agus rath ort i do phost nua a Sheamás.**

## An Ghaeltacht faoi Bhláth

**Is é Dónall Ó Cnáimhsí as Gaoth Dobhair a chur tús leis an tsraith, ar an 23ú Feabhra. Tá thar 20 bliain taithí aigesean, i bPáirc Náisiúnta Ghleann Bheatha agus is 'An Gairdín san Earrach' an téama a bhí seisean ag labhairt faoi. Beidh cainteoirí eolach as Gaeltachtaí eile ina dhiaidh sin. Níl aon táille le n-íoc ag na rannpháirtithe agus beidh seans duais a bhuachan ar an oíche. Ní mór clárú do na cainteanna roimh réidh agus seolfar an nasc chugat.**
**Is é Colm DeBhaldraithe a bheas mar aoichainteoir do Chonamara Láir agus beidh sé ag dhéanamh píosa cainte faoi 'Bithéagsúlacht ar Chloch Eibhir' ar an 16ú Márta ag an 19:00.**



# *Marty Walsh – Tabhairfaidh sé Conamara ina chroí leis go Washington*

**le Máirtín Ó Cathain**




**Ar bhruach Chuan Dorchester i mBoston atá an Kennedy Library. Seo é an t-ionad ina dtugtar chun cuimhne John Fitzgerald Kennedy, an 35ú Uachtarán ar Stáit Aontaíthe Mheiriceá. Ba anseo sa mbliain 1997 a bhí Marty Walsh páirteach ina chéad dhíospóireacht phoiblí polaitíochta; bhí sé ina iarrthóir do shuíochán sa bPárlaimint Stáit (State Representative). Tá Páirlimint dá chuid féin ag chuile Stát i Meiriceá.**
**D'inis Marty dom ina dhiaidh sin go raibh sé neirbhíseach agus é ag teannamh le hócáid dhíospóireachta na hoíche sin. "Ach ar chaoi éicint", adeir sé, "d'imigh an neirbhíseacht uilig nuair a shiúil mé isteach sa Kennedy Library. Silim gur chuimhnigh mé ar an John F. Kennedy, fear de bhunaidh na hÉireann, agus gur ghlac mé misneach chugam féin".**
**Bhuaigh Marty an toghchán. Tá chuile thoghchán a thriáil sé ó shin buaite aige – leathscór acu.**
**Ar ndóigh, ó shin i leith, tá post an Mhéara ar Bhoston buaite ag Marty faoi dhó agus anois tá coisméig ollmhór eile tógtha aige. Tá sé ina Rúnaí Saothair i Rialtas Stáit Aontaíthe Mheiriceá.**
**Cuimhnigh ar an gcaoi seo air. Nach iomaí sin ceist a bhaineann le cúrsaí oibre, le oiliúirt oibríthe, le ceart oibríthe, le tuarastal, ceardchumainn agus le fostóirí agus comhlachtaí - agus tuilleadh lena chois sin - atá le láimhsiú ar fud Mheiriceá. Tosaigh thuas in Alaska agus téigh síos ó dheas go Hawaii. Ansin tosaigh ag chósta an Aegeáin Chiúin i California agus téigh soir trasna na tíre go Portland, Maine ar imeall an Atlantaigh. Na mílte míle i chuile threo. Sin é an cúram atá ar Marty Walsh – cúrsaí saothair ar fud Mheiriceá.**
**Is iontach an iarraidh faoi pholaitíocht Mheiriceá atá tugtha ag mac imirceoirí as Ros Muc agus Carna.**
**Dá mbeadh John Mháirtín Tom Bhreathnaigh fanta sa mbaile i gCaladh Mhuinse i gCarna chuile sheans gur Máirtín John Mháirtín Tom a bheadh muid a thabhairt ar Marty Walsh. Ar an taobh eile den scéal, dá mbeadh Mary Joe Pheadair fanta i Ros Cide i Ros Muc…d'fhéadfadh sé gur Marty Mhary Joe Pheadar a bheadh muid a thabhairt air Mharty Walsh.**
**Ach, de bharr chúrsaí an tsaoil, b'éigean don bheirt acu a dhul ar imirce go Boston. Anois beidh mac leo, Máirtín John Mháirtín Tom …no Máirtín Mhary Joe Pheadair … istigh ag an mbord céanna chuile sheachtain ag cruinníthe Rialtais Mheiricea i Washington.Beidh cathaoirleach na gcruinníthe, an tUachtarán Joe Biden, ag ceann**

an bhoird.  An Rialtas is mo cáil ar dhroim na cruinne.
Tá Marty píosa fada as Ros Cide agus as Caladh Mhuighinse anois.  Ach, fuireach ort – níl!
Nuair a chuir an tUachtarán Joe Biden, an Rúnaí nua Saothair do Mheiriceá ós comhair lucht nuachta beagán seachtainí ó shin, thug Marty Walsh míniú aríst ar a chúlra:  “My parents were emigrants from Galway in Ireland”, adeir sé, “from a part of Galway called Connemara”.  Fiú agus é ag glacadh leis an gceapachán is tábhachtaigh ina shaol níor lig Marty Conamara i ndearmad.
An oíche sul a ndeachaigh sé ós comhair Coiste de Sheanad Mheiriceá i Washington mar chuid den chóras ceapacháin mar Rúnaí Saothair, chuir mé féin teachtaireacht téacs chuige ag rá leis go raibh muid uilig mórtasach as agus go raibh a fhios againn go mbeadh sé ábalta ós comhair an tSeanaid.
Chuir sé scéal ar ais:  “Thank you.  Connemara will be with me tomorrow”.
Ní bheidh Conamara i bhfad óna chroí pé áit a dtabharfaidh a chúrsa Marty Walsh.  Is mór an t-ábhar bróid agus mórtais dúinn go bhfuil sé i lár an gharraí sa tír is cumhachtaigh sa domhan.
Ar ndóigh, sé Marty a d’oscail Ionad Cuimhneacháin na nImirceach i gCarna  go hoifigiúil cupla bliain ó shin agus tá sé ar dhuine de na hAmbassadóirí atá ag an Ionad sna Stáit Aontaíthe.  Is fada linn go bhfeicfidh muid anall aríst é.
Geall le cúig bhliana fichead atá sé anois ón oíche sin nuair a labhair sé ar stáitse polaitíochta den chéad uair san Kennedy Library i mBoston.  Tá an fear óg a chuimnigh ar John F. Kennedy – agus a scar leis an imní a bhí air- an oíche sin gaibhte píosa fada ó shin.  Ag bord an Uachtaráin i Washington atá sé anois.  Agus fear óg é i dtéarmaí polaitíochta i gcónaí.

# *Cúrsaí Áitiúla*

Beidh cúrsaí nua éagsúla á gcur ar siúl ag an GRETB (Ionad Oideachas Pobail Caiseal & Glinnsce) ag tosnú i mí Márta. Chun tuilleadh eolais a fháil déan teagmháil le:
095-31052 (087)-2279878
cashelbtei@gmail.com
Is féidir iarratas a dhéanamh ar líne tré https://train.fetchcourses.ie



# AN CLOCHÁN

**Is cúis ríméid do Phleanál Teanga Chonamara Láir, Pleanál Teanga Dhúiche Sheoigeach/Tuar Mhic Éadaigh a thuairisciú  go bhfuil tús curtha le hidirphlé le Foras Na Gaeilge agus Forum Connemara ó thaobh plean teanga Baile Seirbhís An Chlocháin.**

**Is é Baile an Chlocháin an baile is mó sa limistéar tíreolaíoch seo a mbíonn tarraingt ag cuid shuntasach de phobal Limistéar Chonamara Láir agus Dhúiche Sheoigheach ar go rialta.**
**Is é an cuspóir a bheidh ag an bplean teanga sa gClochán ná cur le húsáid na Gaeilge san mbaile mar a bhaineann sé le réimse leathan gníomhaíochtaí, lena n-áirítear cúrsaí teaghlaigh, pobail,oideachais, sóisialta, seirbhísí stáit agus lucht gnó.**

**Faoi Acht na Gaeltachta 2012 tugadh stádas reachtúil agus aitheantas ar leith do bhaile An Clocháin mar Bhaile Seirbhíse Gaeltachta ina gcuirtear seirbhísí trí Ghaeilge ar fáil do cheantair Ghaeltachta Chonamara Láir agus Dúiche Sheoigeach.**

**Is bua suntasach dearfach atá anseo ag baint leas as teanga na Gaeilge agus leis an tsaíocht Ghaelach ar bhonn eacnamaíoch, oideachais, sóisialta agus cultúir a threiseodh úsáid na Gaeilge.**

**Beidh cruinniú poiblí á fhógairt go luath, agus ba bhreá linn bhur n-ionchur agus bhur dtacaíocht. Is  iad an pobal chroílár an phróisis pleanála teanga. Ní neart go cur le chéile.**





# Nóta ó Choiste Pobail Cill Chiaráin

Rinneamar iarratas ar dheontas ó an scéim CLÁR í mí Iúil 2020 chun an cosán atá i gCill Chiaráin a chríochnú agus bhí an t-ádh linn. Fuair muid 50,000 ceadaigh í mí Dheireadh Fómhair.
Bhí súil againn an t-obair a bheidh t-osaithe í mí Feabhra 2021 ach chuir srianta covid19 as dúinn tá súil againn é a thosú chomh luath agus is féidir lé cunamh Dé.
Tá súil againn cuid mhaith den chosán a chríochnú. Beidh sé iontach don phobal an chuid seo den chosán a bheidh ann mar ní raibh sé sábháilte súil ar an mbóthar roimhe seo. Táimid buíoch as an gcabhair a fuaireamar ó bhainisteoir FCL ag líonadh isteach na foirmeacha agus ag coinneáil suas le glaonna chuig innealtóir na Comhairle Contae. Táimid buíoch freisin don innealtóir áitiúl sa phróiseas seo.

# Cliabhán Cultúrtha Chonamara Láir

**Ba mhaith linn buíochas ó chroí a ghlacadh le Clann Uí Fhlatharta ón Áird Mhóir agus Rónan Ó Niaidh as an gCaiseal a ghlac páirt sa gCliabhán Cultúrtha go dtí seo agus a chur píosa breá siamsaíochta ar fáil dúinn. Tá a thuilleadh físeáin le teacht!**





**PORTRAIDÍ CRIATHRAIGH AG CEILIÚRADH SAOL BRIDGET AYLWARD, 'BANRÍON ALASKA' AGUS AN DAMHSÓIR AR AN SEAN NÓS, CÓILÍN SHEÁIN DHARACH SEOIGE.**



*Is fánach an áit a bhfaighfeá ealaín....*

Ar an Luan 1ú Márta, 2021 i gcomhar le hOifigigh Pleanála Teanga na Gaillimhe agus mar chuid de Ghaillimh 2020, beidh léiriúchán beo draíochtúil den ghearrscannán Portráidí Criathraigh le feiceál beo ar líne ag 7.30i.n.
Tugann an scannán seo atá stiúrtha ag Ríonach Ní Néill agus Joe Lee léargas dúinn ar Phortráidí Criathraigh, saothar ealaíne a chruthaigh Seán Ó Flaithearta i bportach i Ros Muc i nGaeltacht Chonamara.
Rinne Ríonach Ní Néill coimisiúnú ar Phortráidí Criathraigh mar chuid de shraith saothair ealaíne faoin spéir a dhéanann iniúchadh ar an bplé idir tírdhreach, aimsir agus cultúr na Gaeltachta, do Thuras Chonamara, togra do Ghaillimh 2020 Príomhchathair Chultúir na hEorpa.
Is iad muintir Ros Muc a bhí páirteach agus a roghnaigh an bheirt phearsa atá á gcomóradh sa saothar, sin iad an damhsóir ar an sean-nós, Cóilín Sheáin Dharach Seoige agus Bridget Aylward, Banríon Alaska.
Níor chuir Coilín Shéan Dharach morán suim sa damhsa go raibh sé ina chuid caogaidí, agus is ina dhiaidh sin a bhain sé aitheantas amach lena stíl phearsanta féin, steipeanna le rithim ghrastúil, agus stuaim dhíreach.  Go deimhin is féidir ará gur chuir sé le spreagadh athbheochan damhsa ar sean-nós, atá anoisar fud fad na cruinne.
Rugadh Bridget Aylward, nó Bríd Ní Mhainnín i Rosmuc in 1865.  Chuaigh sí ar imirce go Stáit Aontaithe Mheiricá mar chailín aimsire, agus rinne sí a bealach go Yukon, áit ar thosaigh sí ag obair le mianadóireacht óir, agus a gnóthaigh sí an t-ainm Banríon Alaska.  Fuair Bríd bás i 1958 ach tá a fondúireacht fós ag tabhairt deiseanna oideachasúl do scolairí áitiúla an cheantair.
Tá portráidí Bridget Aylward agus Cóilín Sheáin Dharach atá deartha go gálanta ag Séan Ó Flaithearta le feiceáil go soiléir agus chomh difriúl ag braith ar an lá, agus an seasúr.
Tá muid ag súil go mór le sárobair Ríonach Ní Néill, Joe Lee agus Sean Ó Flaithearta a léiriú os comhair an phobail.
Cláraigh agus bígí linn don léiriú beo Phortráidí Criathraigh, www.turaschonamara.ie

# Siúl linn go Boston -Coiste Páirc Peile Chill Chiaráin

I 2013 rinne Coiste Páirce Chill Chiaráin iarratas faoin scéim Leader a bhí faoi chúram Comhar na nOileáin ar dheontas chun páirc peile uile aimsire le tuilsoilse a thógáil i gCill Chiaráin. D'éirigh linn lenár iarratas agus fuair muid deontas go €296,000 agus bhí costas os cionn €400,000 leis an dtogra. Bhí sé go ádh orainn mar phobal gur bhronn Cumann Peile Carna Caiseal €130,000 orainn chun an páirc a chríochnú. I nDeireadh Fómhair 2015 d'osclaoibh an pháirc agus tugadh Páirc Chuimhneacháin Allen Mac Con Iomaire ar an bpáirc. Tá an coiste thar a bheith buíoch don gcumann peile as an tacaíocht seo agus tá an pháirc agus na tuilsoilse chomh breá agus atá in aon áit sa tír agus lasann na soilse go feiceálach i bhfad agus i ngearr ag léiriú go bhfuil pobal beo bríomhar Gaelach anseo in Iorras Aithneach.






Ó Deireadh Fómhair 2015 i leith, tá tairbhe bainte ag scoileanna, coláistí samhraidh, clubanna óige, cumainn peile agus aclaíochta as an bpáirc ach tá céim amháin eile le tógáil againn chun an áis spóirt seo a chríochnú, sé sin seomraí feisteis a thógáil ar an suíomh. Le linn Fómhair 2020, rinne an Coiste cinneadh go méadófaí líon na mball ar an gcoiste chun tabhairt faoin obair seo agus roimh dheireadh na bliana. Tháinig buíon óg águs áitiúil ar an gcoiste chun na seomraí feistis a thógáil agus ballchríoch a chur ar an áis spóirt. Níl sé éasca a bheith ag iarraidh airgead a bhailiú le linn dianghlasáil ach tháinig baill nua an choiste aníos leis an smaoineamh "Siúl linn go Boston" agus anois is féidir leis an bpobal ar fad a bheith le chéile agus é a dhéanamh go sábháilte.

Tá eolas breise freisin ag leathanach Páirc Chill Chiaráin ar shuíomh idonate www.idonate.ie/WalkToBoston. Is féidir clárú don siúl agus costas €20 a íoc / €50 do chlann. Iarrtar ar dhaoine an app siúl atá acú ar a fón a cheangal lena leathannach clárúcháin ar shuíomh idonate. Ar shuíomh idonate is féidir an turas anonn a fheiceáil agus muid ag siúl trasna an Atlantaigh agus freisin, an méid airgid atá muid ag bailiú de réir a chéile. Tá rogha ann freisin clainnte nó foirne a bheith ag siúl le chéile nó a chur le chéile.

Mura bhfuil tú ar na meáin shóisialta, is féidir cártaí a fháil ó Mháire Ní Chlochartaigh atá ag obair I Siopa Dowd i gCárna nó uaidh Noreen Bhreathnach (087-455 0351)

Beidh tú in ann d'ainm agus líon na KM's a shúil tú a chur ar an gcárta agus an coiste a choinneáil ar an eolas maidir leis an dul chun cinn atá déanta agat.

# COMÓRTAIS




**Nach deas iad na 'Hoodies' nua Pleanáil Teanga Chonamara Láir?**
**Coinnigí súil amach ar chomórtais éagsúla a bheas á reáchtáil againn i rith na bliana chun deis a bheith agat ceann acu a bhuachan duit féin!**

Mar chuid de Lá Fhéile Bríde, reáchtáladh comórtas beag le haghaidh Brídeanna an cheantair agus is í Bríd Ní Mhaoilchiaráin as Caladh bhFuinse a phioc suas an duais álainn seo. Buíochas ó chroí le *Ollmhargadh Mhic Dhonnchadha* a thug urraíocht dúinn don chomórtas.







Míle buíochas le *O'Flaherty's Connemara Seafood Chowder* a thug dearbhán €25 dúinn le haghaidh Comórtas Lá Fhéile Vailintín. Comhghairdeas mór le Mary Loftus as Doire Iorrais a bhuaigh an dearbhán.

**Tá comórtas beag a reáchtail do pháistí an cheantair. Scéalín nó dán a chumadh faoi Naomh Pádraig agus pictiúr a chur leis. Beidh duaiseanna ar fáil agus beidh na scéalta/dánta le feiceáil ar ár nuachtlitir 'Ar Chuala Tú?'. Seol ríomphost chuig ocpt@conamaralair.ie. chun breis eolais a fháil. Spriocdháta: 12ú Márta.**



## Comórtas Grianghrafadóireachta



Comhghairdeas mór le Mary Ní Fhlatharta a bhuaigh comórtas mí Feabhra. Tógadh an griangraf seo i Rosmuc. Dúirt Seán Lydon, moltóir an chomórtais, faoin bpictiúr go dtaitníonn an caighdeán shoiléir leis agus go léiríonn sé flúirse an saol nua sa nádúr. Is é téama mí Márta ná 'Glas in ómós do Naomh Pádraig- glas téama an Mhárta'.

## Logainm na Míosa

*Rosmuc:*

*Dar le Tim Robinson, is éard a chiallaíonn 'Ros' ná leithinis íseal agus 'muc' ná cnoc ciorclach.*
*Mar sin-*
*Leithinis na Cnoc Ciorclach/*
*The Peninsula of Rounded Hills*

## Seanfhocal na Míosa:

*Mura gcuirfidh tú san Earrach, ní bhainfidh tú sa bhFómhar*

---

**Bí i dteagmháil linn!**

opt@conamaralair.ie
ocpt@conamaralair.ie

**Meáin Shóisialta**

Conamara Láir   conamaralair
@ConamaraLair

'Ár dTeanga- Labhair í 's Bí Bródúil!'

Pleanáil Teanga Chonamara Láir

Conamara Láir

**Fógra Séanta: Ní ghlacann Forbairt Chonamara Láir Teo./ Pleanáil Teanga Chonamara Láir freagracht as aon ábhar ó tríú pháirtí atá curtha i gcló ar an nuachtlitir seo.**